Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11276 — SWISS LIFE / SGC / EAST LONDON ENERGY / EQUANS DE HOLDING COMPANY / IESL ASSETS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 342/09)

1. An 19 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Swiss Life Holding AG ('Swiss Life', An Eilvéis),

— Schroders Greencoat LLP ('SGC', an Ríocht Aontaithe),

— East London Energy Limited ('East London Energy', an Ríocht Aontaithe),

— Equans DE Holding Company Limited ('Equans DE', an Ríocht Aontaithe),

— Sócmhainní ó Industrial Energy Services Limited ('Sócmhainní IESL', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Swiss Life agus SGC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar East London Energy, Equans DE and Sócmhainní IESL ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Swiss Life gníomhach san earnáil árachais saoil agus sa roinn infheistíochta agus bainistíochta sócmhainní,

— Is speisialtóir bainistíochta sócmhainní é SGC atá dírithe ar earnáil an bhonneagair fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear bithfhuinneamh, teas in-athnuaite, grianfhuinneamh agus gaoth,

— Is soláthraithe seirbhíse ó cheann go ceann san earnáil téimh agus fuaraithe ceantair iad East London Energy agus Equans DE, atá dírithe ar réitigh ísealcharbóin a sholáthar, i gcathracha éagsúla sa Ríocht Aontaithe,

— Déanann Sócmhainní IESL sócmhainní fuinnimh a oibriú agus a chothabháil do chustaiméirí Equans DE.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11276 — SWISS LIFE / SGC / EAST LONDON ENERGY / EQUANS DE HOLDING COMPANY / IESL ASSETS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË